Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0248

Creat cánach comhleanúnach d’earnáil airgeadais an Aontais

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026 maidir le creat cánach comhleanúnach d’earnáil airgeadais an Aontais (2024/2117(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 113, 114 agus 115 de,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2011 le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le comhchóras cánach i leith idirbheart airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2008/7/CE (COM(2011)0594),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2013 le haghaidh treoir ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse na cánach ar idirbhearta airgeadais (COM(2013)0071) (togra FTT),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, i dtaca leis an gcaoi a ndéileálfar le seirbhísí árachais agus airgeadais (COM(2007)0746),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, i dtaca leis an gcaoi a ndéileálfar le seirbhísí árachais agus airgeadais (COM(2007)0747),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937[1],

[1] IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

– ag féachaint do mheasúnú ón gCoimisiún ar thionchar tionscanta an 22 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hathbhreithniú ar na rialacha CBL maidir le seirbhísí airgeadais agus árachais,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 maidir le córas Cánach Ceannoifige a bhunú do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE,

– ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 dar teideal '*The next generation of own resources for the EU Budget*' [An chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse do Bhuiséad AE] (COM(2021)0566),

– ag féachaint don staidéar arna iarraidh ag Fochoiste na Parlaiminte um Chúrsaí Cánach dar teideal 'Cánachas earnáil airgeadais an Aontais', a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um an nGeilleagar, um Chlaochlú agus um Thionscal i mí an Mheithimh 2025[3],

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an díolúine ó CBL le haghaidh seirbhísí airgeadais agus árachais,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 maidir le hacmhainní dílse: tús nua d'airgeadas an Aontais, tús nua don Eoraip[5],

– ag féachaint don tuarascáil ó Enrico Letta Aibreán 2024 dar teideal 'Margadh Thar an gCoitiantacht – Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht: An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí inbhuanaithe agus

---

2 IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj.

3 Staidéar – 'Cánachas earnáil airgeadais an Aontais', Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht an Gheilleagair, an Chlaochlaithe agus na Tionsclaíochta, an Roinn Beartais um an nGeilleagar agus um Fhás, Meitheamh 2025.

4 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28. ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

5 IO C, C/2023/1067, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1067/oj.

rathúnas a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais' (tuarascáil Letta),

– ag féachaint do thuarascáil ó Mario Draghi an 9 Meán Fómhair 2024 dar teideal 'Todhchaí iomaíochas na hEorpa' (Tuarascáil Draghi),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas Coigiltis agus Infheistíochta: Straitéis chun Rachmas na Saoránach agus Iomaíochas Eacnamaíoch a Chothú san Aontas' (COM(2025)0124),

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2025/2029 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2025 maidir le hinfhaighteacht cuntas coigiltis agus infheistíochta a mhéadú le cóireáil chánach shimplithe agus bhuntáisteach[6],

– ag féachaint do pháipéar oibre an Bhainc Dhomhanda ó mhí na Bealtaine 2025 dar teideal '*VAT Exemptions, Embedded Tax, and Unintended Consequences*' [Díolúintí CBL, Cáin Leabaithe, agus Iarmhairtí Neamhbheartaithe],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0169/2026),

A. de bhrí, i litir mhisin Uachtarán an Choimisiúin 2024 chuig an gCoimisinéir atá freagrach as cánachas, go bhfuil sé de chúram ar an gCoimisiún réitigh nuálacha a shainaithint chun cáin a ghearradh ar earnáil airgeadais AE chun tacú le comhtháthú breise na hearnála, le gníomhaíocht trasteorann, leis an digitiú agus leis an nuálaíocht; de bhrí gur sheol an Coimisiún staidéar ar chánachas na hearnála airgeadais san Aontas;

B. de bhrí go bhfuil seirbhísí airgeadais díolmhaithe go ginearálta ó cháin bhreisluacha (CBL) san Aontas; de bhrí nach féidir le hinstitiúidí airgeadais CBL a íocadh ar a n-ionchuir mar gheall ar an díolúine sin a asbhaint, rud is cúis le 'fadhb CBL neamh-inghnóthaithe' mar a thugtar uirthi; de bhrí go bhféadfaí leis an díolúine sin easpa trédhearcachta a chruthú, costais ar thomhaltóirí a mhéadú agus costais bhreise a bheith mar thoradh uirthi d'institiúidí airgeadais, tionchar a imirt ar chinntí eagrúcháin agus seachfhoinsithe, agus míbhuntáistí iomaíocha a bheith mar thoradh uirthi do sholáthraithe seirbhíse beaga, digiteacha agus trasteorann;

C. de bhrí nach soláthraítear an fhéidearthacht d'institiúidí airgeadais CBL a roghnú go comhsheasmhach ar fud na mBallstát, rud a

---

6 IO L, 2025/2029, 8.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/2029/oj.

fhágann go bhfuil tuilleadh castacht riaracháin ann;

D. de bhrí go dtéann an díolúine ó CBL siar go 1977 nuair a bhí deacrachtaí suntasacha teicniúla agus riaracháin ag baint le cáin a ghearradh ar na seirbhísí airgeadais sin; de bhrí go bhféadfaí aghaidh a thabhairt anois ar an mbonn cirt teicniúil bunaidh leis an díolúine ó CBL trí dhul chun cinn teicneolaíoch, digiteach agus maoirseachta, lena n-áirítear próiseáil sonraí fíor-ama agus ceanglais tuairiscithe fheabhsaithe;

E. de bhrí go bhfuil athbhreithniú déanta ag roinnt dlínsí ar fud an domhain ar dhíolúintí comhchosúla nó go bhfuil cineálacha malartacha cánachais ar sheirbhísí airgeadais tugtha isteach acu chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí fioscacha agus iomaíocha neamhbheartaithe a bhaineann le CBL neamh-inghnóthaithe agus chun leanúint de rannchuidiú cothrom agus fónta na hearnála airgeadais le hioncaim phoiblí a áirithiú;

F. de bhrí go gcuirtear i bhfios go láidir i dtuarascálacha Letta agus Draghi araon go gcuireann ilroinnt chánach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear bacainní riaracháin agus cánach, bac ar fhás eacnamaíoch, ar thrádáil agus ar ghníomhaíochtaí trasteorann; de bhrí go bhforchuirtear, le bacainní inmheánacha an Aontais, taraif beagnach 100 % ar sheirbhísí airgeadais go héifeachtach; de bhrí go bhfuil na bacainní agus na bacainní rialála sin, de réir Draghi, i bhfad níos díobhálaí don fhás eacnamaíoch ná aon taraifí a d’fhéadfadh na Stáit Aontaithe a fhorchur;

G. de bhrí, de réir shonraí Eurostat, gur cuid shuntasach de gheilleagar AE í an earnáil airgeadais, a ghineann thart ar EUR 0,9 trilliún i mbreisluach in 2022, ina bhfostaítear beagnach 5 mhilliún duine agus ina dtaifeadtar glanláimhdeachas de thart ar EUR 2,4 trilliún; de bhrí go rannchuidíonn an earnáil le hairgeadas poiblí trí chánachas corparáideach, cánacha párolla agus tobhaigh earnáilsonracha; de bhrí go bhfuil ról lárnach ag earnáil airgeadais AE maidir leis an bhfíorgheilleagar a mhaoiniú, tacú leis an nuálaíocht agus infheistíocht a éascú;

H. de bhrí go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag tionscnaimh a rinneadh le déanaí amhail Treoir 2025/50 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 maidir le faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó fharasbarr cánacha siarchoinneálacha[7] (Treoir FASTER) maidir le hualaí riaracháin a laghdú agus gníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann in AE a éascú, agus gur cheart leanúint d’iarrachtaí comhchosúla chun comhtháthú agus éifeachtúlacht an mhargaidh aonair a neartú tuilleadh;

I. de bhrí go bhfuil moill á cur ag an gComhairle ar chinneadh maidir

---

7 IO L, 2025/50, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/50/oj.

leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE, agus gur fhormheas an Pharlaimint rún reachtach cheana féin an 10 Aibreán 2024[8];

J. de bhrí gur cheart d'aon tionscnaimh amach anseo ilroinnt sa mhargadh aonair a laghdú agus iomaíochas a neartú trí chreat cánach comhleanúnach, intuartha agus neodrach a áirithiú do sheirbhísí airgeadais, agus samhlacha gnó agus idirghníomhaíochtaí cánach éagsúla ar fud earnáil airgeadais AE á gcur i gcuntas ag an am céanna;

K. de bhrí go bhfuil cánachas ar sheirbhísí airgeadais san Aontas fós an-ilroinnte, le cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta maidir le cánacha préimheanna árachais, cánacha ar idirbhearta airgeadais (CIAnna), tobhaigh bhainc, cánacha ar ghníomhaíocht airgeadais agus cánacha eile atá bunaithe ar bhrabús; de bhrí go gcruthaítear leis an ilroinnt sin éiginnteacht dhlíthiúil agus castacht, go spreagtar saobhadh sa mhargadh agus seachaint cánach agus go laghdaítear iomaíochas an Aontais;

L. de bhrí go n-éilíonn an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta (ACI) dreasachtaí níos láidre do dhaoine chun sábháil agus infheistíocht a dhéanamh i margaí caipitil na hEorpa; de bhrí go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach maidir le cobhsaíocht airgeadais, comhtháthú margaidh agus cosaint infheisteoirí chun ACI a thabhairt chun críche; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh an earnáil airgeadais go fóinteach leis an airgeadas poiblí, go ndéanfaidh sí na rioscaí a ghineann sí a inmheánú agus go dtacóidh sí le hinfheistíocht inbhuanaithe fhadtéarmach chun go n-éireoidh le ACI agus chun go mbeidh sé inchreidte;

M. de bhrí gur pléadh CIAnna agus tobhaigh bhainc tar éis na géarchéime airgeadais in 2008 agus 2009; de bhrí go raibh sé mar aidhm leis na bearta sin costais na géarchéime a fhritháireamh;

N. de bhrí go dtoibhíonn seacht mBallstát ar a laghad CIA faoi láthair; de bhrí nach bhfuil comhordú déanta ag na Ballstáit sin ar a CIAnna maidir lena raon feidhme, a ráta nó a gcur i bhfeidhm; de bhrí nár thángthas ar aon chomhaontú maidir le CIAnna ar fud an Aontais, in ainneoin roinnt tograí reachtacha ón gCoimisiún ó 2011 i leith;

O. de bhrí gur thacaigh an Pharlaimint go comhsheasmhach le CIA a

---

[8] Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 maidir le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (IO C/2025/1326, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1326/oj).

thabhairt isteach ar fud an Aontais, lena n-áirítear mar acmhainn dhílis fhéideartha, i rún uaithi le déanaí i mí na Bealtaine 2023; de bhrí, ina chlár oibre 2026, gur mhol an Coimisiún a thogra maidir le CIAnna roimhe seo a tharraingt siar mar gheall ar easpa comhthola i measc na mBallstát nár thángthas ar chomhaontú ina leith;

P. de bhrí go leanann na Ballstáit de chánacha amhantair sealadacha nó tobhaigh dlúthpháirtíochta ar bhrabúis bhainc a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe urghnácha ar bhrabúsacht arna spreagadh ag an mbeartas airgeadaíochta;

Aghaidh a thabhairt ar ilroinnt chánach na hearnála airgeadais agus a hiomaíochas a mhéadú

1. ag tabhairt dá haire, tar éis na géarchéime móire airgeadais, go bhfuil 91 cháin earnáilsonracha tugtha isteach ag na Ballstáit chun cáin a ghearradh ar an earnáil airgeadais, rud a fhágann go bhfuil tírdhreach cánach an-ilroinnte ann; ag tabhairt dá haire go ngintear, leis an tírdhreach cánach ilroinnte sin, costais bhreise oibríochtúla agus riaracháin agus go méadaítear bacainní struchtúracha ar leathnú trasteorann soláthraithe seirbhísí airgeadais, rud lena lagaítear earnáil airgeadais an Aontais agus a cumas infheistíochta agus lena mbaintear an bonn ó chuspóirí SIU agus an Aontais Baincéireachta;

2. ag tabhairt dá haire go léirítear, le difríochtaí i gcórais chánach náisiúnta, roghanna beartais intíre; ag tabhairt dá haire go bhfuil obair á déanamh go leanúnach ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le haistriú brabúis; á iarraidh go ndéanfaí comhordú neartaithe ar leibhéal AE, lena n-áirítear i gcur chun feidhme Threoir Cholún 2, rialacha láidre frithsheachanta agus ceanglais trédhearcachta, go háirithe i réimse an tuairiscithe phoiblí de réir tíre;

3. ag tabhairt dá haire go méadaítear, le hilroinnt na gcóras cánach náisiúnta, an riosca a bhaineann le cánachas dúbailte trasteorann agus, arna spreagadh ag castacht riaracháin agus dhlíthiúil, gur féidir bac a chur ar fhás earnáil airgeadais AE agus gur bac é ar chomhtháthú níos doimhne mhargaí airgeadais AE; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh sé ríthábhachtach i gcónaí cánachas dúbailte a sheachaint agus ualaí riaracháin a laghdú; á chur i bhfáth, áfach, nár cheart dírialáil ná sodar go grinneall i gcaighdeáin chánach a bheith mar thoradh ar iarrachtaí simpliúcháin;

4. á chur i bhfáth go gcruthaítear, le difríochtaí i nósanna imeachta náisiúnta maidir le cáin shiarchoinneálach, ualaí riaracháin agus bacainní ar infheistíocht trasteorann, mar a aithnítear i straitéis ACI an Choimisiúin; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Treoir FASTER; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn i dtreo creat níos comhordaithe agus níos uaillmhianaí;

5. á iarraidh ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE, agus rún reachtach na Parlaiminte an 10 Aibreán 2024 á chur i gcuntas go cuí;

6. ag tabhairt faoi deara, thairis sin, nár coinníodh na rialacha cánach atá ann cheana suas go hiomlán le teacht chun cinn táirgí airgeadais nua agus bonneagar margaidh nua; á chur i bhfios go láidir gur cúis mhór imní í an ilroinnt de bharr rath na nuabhanc, mar shampla, bainc dhigiteacha amháin, bainc is dúshlánaí nó bainc teicneolaíochta airgeadais; á thabhairt le fios go bhfuil méadú suntasach tagtha ar sciar na dtaiscí trasteorann atá i seilbh na mbanc sin le sé bliana anuas; á chur i bhfios go láidir gur féidir, le difríochtaí i rialacha cánach idir bainc agus eintitis neamhbhainc, saobhadh a chruthú;

7. ag cur béim ar an bhfíoras go ndéantar, leis na sonraí neamhleora maidir leis an ualach cánach éifeachtach ar fud earnáil airgeadais AE, bac a chur ar cheapadh beartas fianaisebhunaithe agus ar mheasúnú ar thionchair bheartais ar iompraíocht an mhargaidh, ar iomaíocht agus ar chobhsaíocht airgeadais; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le trédhearcacht agus le húsáid níos fearr a bhaint as na sonraí atá ann cheana mar réamhriachtanas chun athchóiriú comhleanúnach a dhéanamh ar chánachas na hearnála airgeadais;

8. á chur i bhfáth, dá mbainfí bacainní cánach ar infheistíocht trasteorann trí rialacha comhleanúnacha ar leibhéal an Aontais, go laghdófaí costais chomhlíonta, go bhfeabhsófaí éifeachtúlacht an mhargaidh, go méadófaí soiléireacht dhlíthiúil do shreafaí caipitil trasteorann agus go neartófaí iomaíochas sheirbhísí airgeadais an Aontais, agus srian á chur ag an am céanna le himghabháil cánach agus le pleanáil ionsaitheach cánach; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sraith chomhleanúnach rialacha d'earnáil airgeadais AE, agus ceannasacht chánach na mBallstát agus prionsabal na coimhdeachta á n-urramú ag an am céanna; á chur i bhfáth gur cheart go gcabhródh cánachas ar sheirbhísí airgeadais le hiomaíochas na hearnála airgeadais a chothú;

9. ag tabhairt dá haire, de réir Thuarascáil Mhaicreacnamaíoch Eorpach 2026 ón gCoimisiún[9], go bhfuil ráta coigiltis teaghlaigh an Aontais fós i bhfad os cionn mheán thíortha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta; á chur in iúl gur oth léi go ndéantar thart ar aon trian de na coigiltis sin a infheistiú lasmuigh de AE, rud lena léirítear easnaimh chreat airgeadais AE maidir le hinfheistíocht a choinneáil; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a

---

9 An Coimisiún Eorpach, 'Tuarascáil mhaicreacnamaíoch Eorpach 2026', Samhain 2025.

dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le bearta cánach infheistíocht a spreagadh chun sreabhadh i dtreo AE; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé eis-sreafaí airgeadais i dtreo tíortha atá ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha a dhíspreagadh;

10. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé ACI a chur chun cinn chun coigilteas a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach ilroinnt chánach a laghdú agus bealaí infheistíochta trasteorann a fheabhsú chun coigilteas Eorpach a shlógadh le haghaidh infheistíochta laistigh den Aontas;

11. á chur i bhfáth gur cheart creat cánach do sheirbhísí airgeadais a dhearadh in éineacht le cuspóirí ACI, ag díriú ar éifeachtúlacht a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar shaobhadh margaidh, agus infheistíocht agus fás fadtéarmach a chothú, agus cur chuige cothrom á áirithiú ag an am céanna lena léirítear breithnithe eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne freisin;

12. ag tabhairt dá haire gur cheart cánachas na hearnála airgeadais a rialú le prionsabail na simplíochta, na neodrachta, na cothroime, na hinbhuanaitheachta eacnamaíche, comhshaoil agus sóisialta, agus na deimhneachta dlíthiúla; ag tabhairt dá haire gur cheart go léireofaí leis freisin dinimic thimthriallach bhrabúsacht na mbanc atá nasctha le beartas airgeadaíochta agus le dálaí eacnamaíocha;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint dá ghealltanas réitigh nuálacha a mholadh chun cáin a ghearradh ar an earnáil lena laghdaítear ilroinnt, lena dtacaítear le tuilleadh comhtháthaithe ar leibhéal an Aontais agus lena gcuidítear le ACI a chur i gcrích;

Aghaidh a thabhairt ar an gcóras CBL do sheirbhísí airgeadais

14. ag tabhairt dá haire go dtéann an díolúine ó CBL le haghaidh seirbhísí airgeadais siar go 1977, agus tá sé ann chun deacrachtaí teicniúla a sheachaint maidir le CBL a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí airgeadais casta, rud a measadh a bheith neamh-inoibrithe ó thaobh riaracháin de; á aithint go bhféadfaí aghaidh a thabhairt anois ar an mbonn cirt teicniúil bunaidh atá leis an díolúine ó CBL le réaltachtaí an dul chun cinn theicneolaíoch agus an digitithe;

15. ag tabhairt faoi deara nach gá go mbeadh an díolúine ina buntáiste d’institiúidí airgeadais, toisc go gcoisctear orthu léi CBL a aisghabháil; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mbuanaítear saobhadh margaidh leis an status quo, gur féidir easpa trédhearcachta a chruthú agus costais ar thomhaltóirí a mhéadú, go dtreisítear an chlaontacht féinsoláthair san earnáil airgeadais agus go gcruthaítear míbhuntáistí iomaíocha i gcomparáid le hinstitiúidí ó thíortha nach bhfuil san Aontas;

16. á chur i bhfáth gur minic a dheonaítear díolúintí CBL do ghníomhaíochtaí leasa ghinearálta mar aitheantas ar a bhfeidhm

shóisialta bhunriachtanach; á chur i bhfios go láidir gur féidir le croísheirbhísí airgeadais áirithe – go háirithe seirbhísí íocaíochta, glacadh taiscí agus soláthar bunúsach creidmheasa – feidhm chuasa-phoiblí inchomparáide a chomhlíonadh trí choigilteas a choimirciú, trí mhalartú eacnamaíoch a chumasú agus trína áirithiú gur féidir le daoine agus gnólachtaí páirt shábháilte a ghlacadh sa gheilleagar;

17. ag tabhairt dá haire nach raibh athchóiriú ar an díolúine ó CBL don earnáil airgeadais mar thoradh ar thionscnaimh a rinne an Coimisiún arís agus arís eile, lena n-áirítear a thograí ó 2007 agus measúnú ar thionchar tionscanta 2020, toisc gur theip ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú d'aon toil; ag tabhairt dá haire go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún le déanaí leasuithe ar Threoir maidir le CBL[10] a fhoilsiú go luath in 2023; á thabhairt faoi deara gur cuireadh moill ar na pleananna sin, rud a d'fhág go raibh an t-athchóiriú bunriachtanach sin fós ar feitheamh;

18. ag tabhairt dá haire, faoi Airteagal 11 den Treoir maidir le CBL, go bhfuil grúpáil CBL fós roghnach do na Ballstáit agus go bhfuil sí teoranta ag srianta críochacha, rud lena gcruthaítear bacainní dlíthiúla agus praiticiúla do ghrúpaí trasteorann atá gníomhach i seirbhísí airgeadais;

19. ag cur béim ar an bhfíoras, in ainneoin úsáid a bhaint as grúpáil CBL agus socruithe roinnte costas i roinnt Ballstát, go gcruthaíonn an díolúine ó CBL, in éineacht le rialacha cánach náisiúnta cúiteacha éagsúla, amhail cánacha préimheanna árachais, tírdhreach cánach casta agus ilroinnte, rud a fhágann go bhfuil comhlíonadh cánach trasteorann costasach agus a mhéadaíonn costais oibriúcháin gnólachtaí; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sainmhínithe CBL níos soiléire agus rialacha simplithe chun na hualaí sin a laghdú, chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach rialacha ar fud an Aontais a áirithiú, chun gníomhaíocht trasteorann a éascú agus chun tacú leis an nuálaíocht;

20. ag tabhairt dá haire go ndéantar grúpáil CBL, lenar féidir ualaí riaracháin ar institiúidí airgeadais a laghdú agus éifeachtúlacht na n-institiúidí sin a fheabhsú, a chur i bhfeidhm go míchothrom faoi láthair ar fud na mBallstát agus go bhfuil sí teoranta go ginearálta d'eintitis atá bunaithe laistigh d'aon Bhallstát amháin; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh cóineasú níos fearr i gcur i bhfeidhm grúpála CBL ilroinnt agus éiginnteacht dhlíthiúil sa mhargadh inmheánach a laghdú agus gníomhaíocht seirbhísí airgeadais trasteorann a éascú;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun grúpáil CBL a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach agus

---

10 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).

féachaint ar roghanna le haghaidh creat dlíthiúil níos soiléire, lena n-áirítear an fhéidearthacht grúpáil CBL trasteorann a dhéanamh; á chur i bhfáth nach mór úsáid níos leithne a bhaint as grúpáil CBL le haghaidh seirbhísí airgeadais agus árachais a bheith i gcomhréir le rialacha cánach corparáide, go háirithe na rialacha sin maidir le praghsáil aistrithe, agus nach mór coimircí ceangailteacha frith-mhí-úsáide a bheith ag gabháil léi chun calaois agus seachaint cánach, sceitheadh CBL inghrúpa agus mí-úsáid comhroinnte costas a chosc;

22. ag tabhairt dá haire nach bhfuil forálacha sonracha sa Treoir maidir le CBL le haghaidh ionstraimí airgeadais atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear criptea-shócmhainní, airgeadas díláraithe agus teicneolaíocht airgeadais; á thabhairt chun suntais, ina theannta sin, nach dtugtar aghaidh sa Treoir ar láimhseáil CBL i gcás díorthach agus go bhfuil láimhseáil i gcás cistí infheistíochta fós éagsúil ar fud na mBallstát; ag tabhairt dá haire go bhfuil léirmhínithe náisiúnta éagsúla ar rialacha CBL, éiginnteacht dhlíthiúil do sholáthraithe seirbhíse agus cóir mhíchothrom idir seirbhísí airgeadais traidisiúnta agus seirbhísí airgeadais nua mar thoradh air sin agus go bhfuil an baol ann go gcuirfí bac ar an nuálaíocht agus ar an iomaíochas;

23. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do chreat cánach nua-aimseartha tacú leis an nuálaíocht sa teicneolaíocht airgeadais agus san airgeadas digiteach agus gan dídhreasachtaí rialála a chruthú d’iontrálaithe nua sa mhargadh; á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear le CBL ar sheirbhísí airgeadais atá ag teacht chun cinn chun neodracht theicneolaíoch agus machaire comhréidh a áirithiú ar fud AE;

24. á mheas go n-ardaítear, le díolúine CBL leathan agus neamhdhifreáilte don earnáil airgeadais ina hiomláine, ceisteanna maidir le comhsheasmhacht agus cothromaíocht fhoriomlán an chórais cánach; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh athchóiriú ar an díolúine ó CBL saobhadh agus leibhéal CBL neamh-inghnóthaithe a laghdú gan castacht riaracháin dhíréireach a chruthú; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh roghanna chun deireadh a chur leis an díolúine ó CBL an CBL neamh-inghnóthaithe a bhaint go héifeachtach trí chead a thabhairt do chorparáidí airgeadais an CBL a íocann siad as earraí agus as seirbhísí a úsáidtear ina n-oibríochtaí a aiséileamh go hiomlán; á chur i bhfios go láidir go gcuirfí leis sin, deireadh leis an gclaontacht atá ann faoi láthair maidir le seirbhísí a thabhairt isteach go hinmheánach seachas iad a sheachfhoinsiú, rud lena bhféadfaí teorainn a chur le cumas cuideachta speisialtóireacht a dhéanamh, rochtain a fháil ar shaineolas seachtrach, agus nuálaíocht a dhéanamh; ag aithint go bhféadfaí, leis an athchóiriú sin, machaire comhréidh a thabhairt do dhlínsí eile agus iomaíochas idirnáisiúnta institiúidí airgeadais an Aontais a neartú;

25. á mheabhrú gur creat cánach comhchuibhithe é CBL ar leibhéal AE, cé go gcoinníonn na Ballstáit roinnt scóipe chun é a chur chun

feidhme; á aithint, dá bhrí sin, gur cheart aghaidh a thabhairt ar athchóiriú ar an gcóras CBL do sheirbhísí airgeadais ar leibhéal an Aontais;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar thionchair an chórais CBL atá ann faoi láthair ar an earnáil airgeadais agus an anailís sin a chomhroinnt go poiblí; á iarraidh ar an gCoimisiún roghanna beartais a mheas chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shaobhacha shainaitheanta; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart, le haon athchóiriú mar sin, CBL neamh-inghnóthaithe agus cur i bhfeidhm ilroinnte rialacha a laghdú, deimhneacht dhlíthiúil agus cothroime chánach a fheabhsú, agus iomaíochas mhargaí airgeadais AE a neartú, agus cobhsaíocht airgeadais á cosaint agus arbatráiste rialála idir na Ballstáit á íoslaghdú ag an am céanna; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór, le haon athchóiriú mar sin, tomhaltóirí a chosaint freisin agus leanúint dá áirithiú go rannchuideoidh an earnáil airgeadais go cothrom le hioncam poiblí;

27. ag tabhairt dá haire gur cheart aon togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat CBL a bheith bunaithe ar ghrinnanailís ar an leibhéal maicreacnamaíoch agus ar mhapáil chuimsitheach ar cháin bhainc náisiúnta agus ar thobhaigh bhainc náisiúnta; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go gcuirfí i gcuntas san anailís sin na himpleachtaí riaracháin do sheirbhísí airgeadais, an idirghníomhaíocht idir cánacha bainc náisiúnta atá ann cheana, tobhaigh na hearnála airgeadais agus an córas CBL, agus an tionchar ar an margadh aonair;

28. á chur i bhfios go láidir nach mór le haon athruithe ar chóireáil CBL seirbhísí airgeadais measúnú cúramach a dhéanamh ar an tionchar ar sheirbhísí a sholáthraítear do thomhaltóirí miondíola, go háirithe teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam, agus aon chostais fhoriomlána bhreise a sheachaint;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún, mar chuid d’athchóiriú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an díolúine ó CBL, measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé cánacha préimheanna árachais náisiúnta a ionadú trí sheirbhísí árachais a chomhtháthú go hiomlán sa chóras CBL;

Creat cánach níos comhleanúnaí a chur chun cinn don earnáil airgeadais

30. á mheabhrú go bhfuil bearna shuntasach infheistíochta idir EUR 750 agus 800 billiún in aghaidh na bliana os comhair AE maidir lena chuspóirí aeráide, digiteacha agus neamhspleáchais straitéisigh a bhaint amach; ag meabhrú thiomantas na mBallstát agus an Aontais infheistíocht chosanta na hEorpa a mhéadú go suntasach; ag cur béim ar an bhfíoras, chun freagairt do na dúshláin sin, go bhféadfadh cánachas cothrom agus níos comhleanúnaí ar an earnáil airgeadais, a bheith ina rannchuidiú le caipiteal príobháideach a shlógadh, agus

ar an gcaoi sin infheistíocht mhiondíola a spreagadh, agus margaí caipitil na hEorpa a neartú, agus ioncam a chruinniú le haghaidh infheistíocht phoiblí le haghaidh tosaíochtaí straitéiseacha, agus ár riachtanais shóisialta, aeráide agus infheistíochta, agus ar an gcaoi sin iomaíochas an Aontais a neartú;

31. á mheabhrú, ina leith sin, comhaontú 2020 idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear FTT bunaithe ar thorthaí measúnaithe tionchair;

32. ag aithint na heaspa dul chun cinn a rinneadh maidir leis an togra FTT sa Chomhairle, in ainneoin díospóireacht fhorleathan, faoi aontoilíocht agus faoi chomhar feabhsaithe araon, agus ag tabhairt dá haire an fógra ón gCoimisiún maidir le tarraingt siar an togra FTT ina chlár oibre 2026;

33. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil measúnuithe rialta ar na tionchair eacnamaíocha agus ar ábharthacht leanúnach an bheartais cánach san earnáil airgeadais ríthábhachtach, chun saobhadh neamhbheartaithe nó marthanach ar mhargaí airgeadais a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil anailís chuimsitheach á déanamh ag an gCoimisiún ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag cánachas foriomlán na hearnála airgeadais ar fheidhmiú an mhargaidh, ar infheistíocht trasteorann, agus ar iomaíochas mhargaí airgeadais AE;

34. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart rialacha cánach don earnáil airgeadais a shimpliú agus a áirithiú go ndéanfaidh an earnáil ranníocaíocht airgeadais chothrom agus fhónta, agus gur cheart dóibh a bheith soiléir, trédhearcach agus intuartha chun ilroinnt a laghdú, infheistíocht agus gníomhaíocht trasteorann a chumasú agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á ráthú ag an am céanna; á chur i bhfáth gur cheart go bhfeabhsódh na rialacha sin éifeachtúlacht agus leithdháileadh caipitil, go gcosnófaí cobhsaíocht agus iomaíochas an mhargaidh, agus go maolófaí costais chomhlíonta, go háirithe do thomhaltóirí miondíola agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide;

°

° °

35. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.